Form Version: 08/2015

RFB 1

# REGISTER OF ELECTORS

## An Garda Síochána
## Application for inclusion in Supplement to the 2019/20 Postal Voters List

**Please read the notes carefully before completing the form.**

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Name: **(block letters)** | |
| 2. | Rank: | |
| 3. | Date of Birth: | |
| 4. | State the full postal address at which you were ordinarily resident on 1 September 2018 **(block letters)** | |
| | Eircode: | ☐ ☐ ☐ ☐ ☐ ☐ ☐ |
| 5. | Was anyone with the same names who will be 18 years of age on 15 February next living at the same address on 1 September 2018 Please tick (√) the appropriate box: | Yes ☐<br>No ☐ |
| | Signature of Applicant: | |
| | Date: | |
| | Daytime/Mobile Phone Number: | |
| | E-Mail: | |

## NOTES TO FORM RFB 1

### Application for inclusion in supplement to the Postal Voters List

**1.** The purpose of this form is to facilitate members of An Garda Siochána who are already on the current register of electors but not on the postal voters list and who wish to be included in the supplement to that list.

While there are no restrictions on when the form may be completed and sent to the registration authority, the latest date for receipt of an application by a registration authority is two days after the date of dissolution of the Dáil in the case of a general election and two days after the polling day order is made in the case of a Dáil bye-election in order to be considered for that election. In the case of a Presidential, European or local election or a Referendum an application must be received by the registration authority at least 22 days before polling day (not including Sundays, Good Friday or Public Holidays) in order to be considered for that election or referendum.

**2.** Under section 14(a) of the Electoral Act 1992, a member of the Garda Síochána has the choice of being registered as a postal voter or as an ordinary voter. If you wish to be registered as a postal voter and included in the supplement to the postal voters list, this form should be completed and returned to the City, County or City and County Council for the area in which you live. If you wish to be registered as an ordinary voter on the supplement to the Register, you should complete Form RFA 2.

**3. Eircode**
Eircode is the national postcode system for Ireland and comprises a unique 7-digit postcode which has been allocated to every address in Ireland.

**4. Contact details**
Your contact details are being sought in case the registration authority needs to contact you to clarify any details of the application.

**5. What happens next?**
You will be notified by the registration authority of the decision on your application and, if it is refused, you will be given the reasons for the refusal.

**6.** It is an offence to fail to give the registration authority any information required for the purpose of their duties or to knowingly give false information.

Dáta an Leagain seo den Fhoirm: 08/2015

RFB 1

# CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

## An Garda Síochána
## Iarratas chun ainm a chur san áireamh san Fhorlíonadh a ghabhann le Liosta na 2018/19 bPostvótálaithe

**Léigh na nótaí go cúramach, le do thoil, sula gcomhlánóidh tú an fhoirm.**

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Ainm: **(bloclitreacha)** | |
| 2. | Céim: | |
| 3. | Dáta Breithe: | |
| 4. | Tabhair an seoladh iomlán poist ag a raibh gnáthchónaí ort an 1 Meán Fómhair 2018: **(bloclitreacha)** | |
| | Eircode: | ☐ ☐ ☐ ☐ ☐ ☐ ☐ |
| 5. | An raibh aon duine den ainm céanna, a bheidh 18 mbliana d'aois an 15 Feabhra seo ag teacht, ina gcónaí ag an seoladh céanna an 1 Meán Fómhair 2018: Cuir tic (√) sa bhosca cuí: | Bhí ☐<br>Ní raibh ☐ |
| | Síniú an Iarratasóra: | |
| | Dáta: | |
| | Uimhir theileafóin i rith an lae/ Uimhir Fóin Póca: | |
| | Ríomhphost: | |

## NOTAÍ A GHABHANN LE FOIRM RFB 1

## Iarratas chun ainm a chur san áireamh san Fhorlíonadh a ghabhann le Liosta na bPostvótálaithe

**1.** Is é is cuspóir don fhoirm seo ná an bealach a réiteach do chomhaltaí an Gharda Síochána atá ar chlár na dtoghthóirí reatha ach nach bhfuil i liosta na bpostvótálaithe agus ar mian leo a n-ainm a chur san áireamh san fhorlíonadh a ghabhann leis an liosta sin.

Cé nach bhfuil aon srianta ann i dtaobh cathain a fhéadfar an fhoirm a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an údarás clárúcháin, is é atá sa dáta deiridh a nglacfaidh údarás clárúcháin le hiarratas ná dhá lá tar éis dháta lánscor na Dála i gcás olltoghcháin agus dhá lá tar éis an t-ordú maidir leis an lá vótaíochta a dhéanamh i gcás corrthoghcháin Dála le gur féidir an t-iarratas a bhreithniú i gcomhair an toghcháin sin. I gcás toghcháin Uachtaráin, toghcháin Eorpaigh nó toghcháin áitiúla nó i gcás Reifrinn, ní mór an t-iarratas a bheith faighte ag an údarás clárúcháin 22 lá ar a laghad roimh an lá vótaíochta (gan Domhnaí, Aoine an Chéasta ná Laethanta Saoire Poiblí a áireamh) le gur féidir é a bhreithniú i gcomhair an toghcháin nó an reifrinn sin.

**2.** Faoi alt 14(a) den Acht Toghcháin 1992, tá rogha ag comhalta den Gharda Síochána clárú mar phostvótálaí nó mar ghnáthvótálaí. Más mian leat clárú mar phostvótalaí agus d'ainm a chur san áireamh san fhorlíonadh a ghabhann le liosta na bpostvótálaithe ba chóir an fhoirm seo a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig an gComhairle Cathrach, chuig an gComhairle Contae nó chuig an gComhairle Cathrach agus Contae ar ina limistéir a chónaíonn tú. Más mian leat clárú mar ghnáthvótálaí san fhorlíonadh a ghabhann leis an gClár, ba chóir duit Foirm RFA 2 a chomhlánú.

**3.** **Eircode**

Is é atá in Eircode ná an córas náisiúnta postchód in Éirinn agus cuimsíonn sé postchód uathúil 7 ndigit atá sannta do gach seoladh dá bhfuil ann in Éirinn.

**4.** **Mionsonraí teagmhála**

Tá mionsonraí teagmhála á lorg ar eagla gur gá don údarás clárúcháin teagmháil a dhéanamh leat chun aon mhionsonraí atá ann san iarratas a shoiléiriú.

**5.** **Cad a tharlaíonn ina dhiaidh sin?**

Cuirfidh an t-údarás clárúcháin a gcinneadh ar d’iarratas in iúl duit agus, má dhiúltaítear dó, tabharfar na cúiseanna leis an diúltú duit.

**6.** Is cion é mainneachtain aon fhaisnéis a theastaíonn ón údarás clárúcháin chun críche a ndualgas a thabhairt don údarás nó don chláraitheoir sin nó faisnéis bhréagach a thabhairt go feasach.